MEÁN FÓMHAIR 2019 | EAGRÁN#26

# EIPIC!

Foilsitheoir: News Mag Media

Táimid ar aon fhocal

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

## Donald ar Twitter ...

## Suas, suas linn!

## Tinte san Amasóin

## Margadh mór samhraidh

## Agóidí in Hong Cong



Arís, le do thoil!

Lch 21



Aireachas

Lch 20



Freagair Más Féidir

Lch 19

# Scéalta an tSamhraidh

## Boris!

Tá an samhradh thart ach tugaimid súil siar ar na rudaí aisteacha agus iontacha a bhí sa nuacht agus muid ar saoire. Tinte san Amasóin, agóidí i Hong Cong, béir uisce ar an ngealach agus péire bróg díolta ar €350,000. Agus céard atá ar siúl ag ceannaire nua na Breataine? Léigh tuilleadh istigh!

# Nuacht ón nGaeltacht

## Fear Cliste Gaeltachta



### Mionlach

D'éirigh le fear óg as Mionlach i gContae na Gaillimhe na marcanna is airde a bhaint amach san **Ardteist**. Bhí MacDara Allison ar dhuine de chúigear sa tír a fuair ocht ngrád H1 sa scrúdú. Ciallaíonn sé sin go bhfuil sé ar cheann de na déagóirí is cliste sa tír!

Is sráidbhaile beag Gaeltachta é Mionlach atá ar imeall chathair na Gaillimhe. Is breá le MacDara an Ghaeilge agus d'fhreastail sé ar mheánscoil lán-Ghaeilge sa chathair. Ní haon iontas mar sin go bhfuair sé marc ard sa scrúdú Gaeilge! Ach d'éirigh leis an marc is airde a fháil sa Bhéarla, sa mhatamaitic, sa stair, sa Fhraincis, sa **bhitheolaíocht**, sa **cheimic** agus san **fhisic** freisin!

Dúirt MacDara nach raibh sé ag súil leis an oiread sin pointí ar chor ar bith. É sin ráite, bhí comhairle aige do dhaltaí eile atá ag tabhairt faoin Ardteist. 'Rinne mé beagáinín staidéir ó thús na bliana agus choinnigh mé orm i rith an ama, in áit **an t-uafás** a dhéanamh ag an deireadh,' a dúirt sé.

Tá sé chun bogadh go Baile Átha Cliath.

**Foclóir:**
An Ardteist – the Leaving Cert
bitheolaíocht – biology
ceimic – chemistry
fisic – physics
an t-uafás – vast amount

## Cath na Ceathrún Rua le craoladh




### An Cheathrú Rua

Beidh suas le céad duine páirteach i ndráma nua faoi 'Chath na Ceathrún Rua'. Tharla an **eachtra** stairiúil sin i mí Eanáir 1880 ar an gCeathrún Rua i nGaeltacht Chonamara.

Bhí **tiarna talún** sa cheantar ag iarraidh daoine a bhrú amach as a dtithe ach tháinig an pobal le chéile chun stop a chur leis. Nuair a tháinig saighdiúirí chun cuidiú leis an tiarna talún, bhí ar mhuintir na háite 'cath' a throid ina gcoinne. Bhí an bua acu agus mar gheall air sin d'éirigh leis na **tionóntaí** fanacht ina dtithe. Spreag an eachtra seo go leor pobal eile timpeall na tíre a bhí ag troid in aghaidh tiarnaí talún ag an am.

Anois, tá an comhlacht teilifíse Fíbín tar éis script a scríobh faoin eachtra agus tá scannán á dhéanamh acu. Chuir siad **trialacha** agus **éisteachtaí** ar siúl i gConamara chun aisteoirí agus ceoltóirí a aimsiú le bheith páirteach sa scannán. Suas le céad duine atá ag teastáil uathu chun an scéal faoin gcath beag tábhachtach seo a insint i gceart.

**Foclóir:**
cath – battle
craoladh – broadcast
eachtra – event
tiarna talún – landlord
tionóntaí – tenants
trialacha/éisteachtaí - auditions

## Tarrtháil Dhrámatúil i nDún na nGall




### Machaire Rabhartaigh

Bhí ar an nGarda Cósta agus iascairí na háite teacht i gcabhair ar ghrúpa déagóirí i Machaire Rabhartaigh i nGaeltacht Dhún na nGall. Bhí na déagóirí ag freastal ar choláiste samhraidh sa cheantar agus chuaigh siad ag snámh amach ón trá. **Scuab** an taoide amach iad agus bhí siad **sáinnithe** san fharraige.

Tháinig héileacaptar an Gharda Cósta agus thóg siad deichniúr go dtí an t-ospidéal i Leitir Ceannain. Thóg iascairí na háite cuid de na daoine óga as an bhfarraige freisin agus bhí cuid eile in ann snámh i dtír iad féin. Tháinig gach duine acu slán ón eachtra. Bhí an t-ádh dearg orthu nár **bádh** aon duine.

Tá cáil ar thránna fada geala Dhún na nGall. Ach cé go mbíonn an radharc go hálainn is minic a bhíonn an fharraige an-chontúirteach ann.

**Foclóir:**
tarrtháil – rescue
scuab – swept
sáinnithe – trapped
bádh – drowned



## AN 14 MEÁN FÓMHAIR, 1741

# Chuir Handel a shaothar clúiteach *Messiah* i gcrích

Tháinig George Frideric Handel ar an saol in Halle sa Ghearmáin ar an 23 Feabhra, 1685. Fiú agus é ina bhuachaill óg, bhí dúil mhór aige sa cheol. Ní raibh suim ar bith ag athair George sa cheol, agus ba mhian leis go mbeadh George ina dhlíodóir. Thug aintín George **cruitchlár** mar bhronntanas dó dá bhreithlá nuair a bhí sé seacht mbliana d'aois agus sheinn George óg air aon uair a bhí seans aige.

In 1702, thosaigh Handel ag déanamh staidéir ar an dlí in Ollscoil Halle. Fuair a athair bás an bhliain **dár gcionn** agus fuair George post ag seinm ar an veidhlín agus ar an gcruitchlár san **áras ceoldrámaíochta** in Hamburg. Is ann a chum sé a chéad cheoldrámaí.

In 1710, fuair Handel post mar cheann an cheoil i bpálás Sheoirse in Hanover. Bheadh Seoirse ina Rí ar an mBreatain ar ball – Rí Seoirse 1. In 1712, chuaigh Handel a chónaí i Sasana agus in 1726, rinneadh **géillsineach** de chuid na Breataine de.



Faoin mbliain 1741, **bhí a lán airgid ag daoine i Londain ar Handel** agus bhí **bagairt** ann go mbeadh air dul go príosún. Shocraigh sé ar chuairt a thabhairt ar Éirinn. Thosaigh sé ag cumadh *Messiah* agus chríochnaigh sé é laistigh de cheithre lá is fiche, gan mórán codlata a fháil nó gan mórán ama a chaitheamh ag ithe fiú.

**AN RAIBH A FHIOS AGAT?**

Cé nach raibh aon airgead ag Handel féin, d'úsáid sé an brabús ón gcéad léiriú de *Messiah* i mBaile Átha Cliath chun cabhrú le roinnt daoine a bhí i bpríosún mar go raibh fiacha orthu. D'éirigh thar barr leis an léiriú agus scaoileadh 143 príosúnach saor ón bpríosún mar gheall air seo.

Is é *Messiah* an t-**oratóir** is aitheanta de chuid Handel. Ceoldráma gan aon aisteoireacht, **feisteas** ná feisteas stáitse is ea oratóir ina mbíonn **oirfidigh** ag insint scéil trína chanadh don lucht éisteachta. De ghnáth, is ón mBíobla a thagann na scéalta in oratóir.

**AN RAIBH A FHIOS AGAT?**

Bhuail stróc Handel in 1737. Bhí sé i ndrochthimpiste cóiste in 1750 agus d'éirigh sé dall tar éis obráid ar a shúil in 1751. Mar sin féin, d'éirigh leis cuid den cheol is fearr dá chuid a chumadh sa tréimhse sin ina shaol.


Ceapann a lán daoine gurb é *Messiah* an t-oratóir is fearr a scríobh aon chumadóir riamh. Bíonn sé fós le cloisteáil ar stáitse ar fud an domhain sa lá atá inniu ann, go háirithe ag an Nollaig agus um Cháisc. Tá trí pháirt ann: **Teacht an Mheisias,** Fulaingt agus Bás Chríost, agus an tAiséirí.

**AN RAIBH A FHIOS AGAT?**

Is músaem anois é an teach a raibh Handel ina chónaí ann in Mayfair Londan ó 1723 go 1759.

Bhí *Messiah* ar stáitse den chéaduair i mBaile Átha Cliath sa Halla Ceoil Nua i Sráid Fishamble ag meán lae ar an 13 Aibreán, 1742.

Fuair Handel bás ar Aoine an Chéasta, 1759 agus cuireadh é i Mainistir Westminster i Londain. Tháinig níos mó ná 3,000 duine chuig a shochraid.








**Foclóir**

cruitchlár – harpsichord
dár gcionn – ina dhiaidh sin
áras ceoldrámaíochta – opera house
géillsineach – subject (of a country)
bhí a lán airgid ag daoine i Londain ar Handel – Handel owed a lot of money to people in London
bagairt – threat
oratóir – oratorio
feisteas – costume
oirfideach – performer
teacht an Mheisias – the coming of the Messiah
brabús – profit



Chuaigh albam úr Taylor Swift caol díreach chuig barr na gcairteacha ar fud an domhain chomh luath agus a tháinig sé amach. *Lover* an teideal atá air agus is é seo an séú halbam dá cuid atá i ndiaidh uimhir a haon a bhaint amach. Is í an chéad cheoltóir mná riamh í ar díoladh breis agus 500,000 cóip dá halbaim taobh istigh de sheachtain. Cheannaigh daoine 679,000 cóip de *Lover* an chéad seachtain amuigh aige – sin an **díolachán** seachtaine is mó maidir le haon albam ... ó chuir sí a halbam deireanach, *Reputation*, amach! Treise léi!

Foclóir

díolachán – sales



Tá Ed Sheeran chun a scíth a ligean ar feadh seala i ndiaidh dó tamall maith a chaitheamh i mbun **camchuairte**. Thug sé le fios don slua i bPáirc Chantry in Ipswich, a áit dúchais, go mbeidh sé ag glacadh sosa ar feadh bliain go leith. Chuir an t-amhránaí críoch leis an *Divide Tour* ar na mallaibh. Rinne sé breis agus 260 seó os comhair 9 milliún duine in 175 cathair in 46 tír. Thaistil sé féin agus a chriú 311,029 km san iomlán – turas ollmhór. Is dócha go bhfuil sos tuillte aige!

Foclóir

camchuairt – tour



Is aisteoir as Baile Átha Cliath é Barry Keoghan agus tá a réalta ag éirí i gcónaí agus ról faighte aige mar dhuine de **na bithiúnaigh** sa scannán nua de chuid Marvel, *The Eternals*. Beidh sé ag obair le cuid de na haisteoirí is clúití ar domhan, ina measc Angelina Jolie, Gemma Chan agus Salma Hayek, agus réaltaí *Game of Thrones*, Kit Harrington agus Richard Madden. Druig an t-ainm atá ar a charachtar. Tá **sár-luas agus sár-neart** mar **bhuanna** aige. Nuair a bhíonn sé gortaithe, **cneasaíonn** sé go han-ghasta agus tá sé in ann eitilt agus teileapórtáil a dhéanamh. Tá an t-aisteoir óg ar bís. Chuir sé tvuít chuig Stan Lee, atá marbh anois, thiar sa bhliain 2013 **ag impí air** sárlaoch a dhéanamh de – 'Please make me a Superhero'. **Tá an fhís á fíorú!**

Foclóir

bithiúnach – villain
sár-luas – superhuman speed
sár-neart – superhuman strength
cneasaigh – to heal
ag impí air – begging him
tá an fhís á fíorú – the vision is being realized

# AMHRÁN NA MÍOSA

# Higher Love

## Kygo agus Whitney Houston




**Thaifead** Steve Winword an t-amhrán 'Higher Love' sa bhliain 1986. Is é Will Jennings a scríobh é agus bhain sé barr chairt Billboard Hot 100 amach sna Stáit Aontaithe.

Bhí dúil mhór ag Whitney Houston san amhrán agus thaifead sí a **leagan** féin de in 1990. Bhí sí ag iarraidh é a chur ar a tríú halbam, *I'm Your Baby Tonight*, ach níor theastaigh ó **cheannasaí** an **chomhlachta ceirnín**, Clive Davis, an t-amhrán a eisiúint. B'fhearr leis amhráin nuachumtha amháin a chur ar albaim Whitney.

29 bliain ar aghaidh agus tá casadh sa scéal. Fuair DJ Kygo, arb as an Iorua dó, ríomhphost **gan choinne** i mbliana ag iarraidh air **buntraic** nua a chumadh le cur le glór Whitney Houston ag canadh an amhráin. Bhí iontas an domhain air. Chuaigh sé **caol díreach** isteach ina stiúideo chun **rian** a chumadh a rachadh go maith le glór álainn an phopamhránaí mór le rá. Dúirt sé gur deis é nach mbeadh arís go deo aige agus nach raibh aon cheist ann ach go nglacfadh sé leis an **tairiscint**.

Cé go bhfuil an bunamhrán fíormhaith, tá an leagan nua níos fearr arís. Tá na **buillí** deas **réchúiseach** faoi ghlór cumhachtach Whitney. Is beag duine a smaoineodh ar an mbeirt seo, Kygo agus Whitney, a chur le chéile ach is breá linn an toradh atá tagtha as.

Níl aon dabht faoi ach gur seo amhrán na míosa!

Foclóir:

taifead – to record
leagan – version
ceannasaí – leader
comhlacht ceirnín – record company
a eisiúint – to issue
gan choinne – unexpectedly
buntraic – backing track
caol díreach – straight, directly (to)
rian – track
tairiscint – offer
buillí – beats
réchúiseach – chilled

# Ar an Tolg le…
# Tessa Fleming

*De ghnáth, is í Tessa a bhíonn ag cur na gceisteanna, ach an uair seo, ise a bhí faoi agallamh nuair a bhuail muid léi i bhfoirgneamh an BBC i mBéal Feirste.*



Bhí suim ag Tessa Fleming san iriseoireacht ó bhí sí óg. 'Is cuimhin liom peann agus páipéar a ghlacadh liom agus agallamh a chur ar na **comharsana**,' ar sí. Is léir go raibh **féith na hiriseoireachta** i gcónaí inti.

Rugadh agus tógadh Tessa taobh amuigh de bhaile Mhuineacháin agus ba í Gaelscoil an bhaile sin a spreag a grá don Ghaeilge. 'Thuig mé go raibh rud sa bhreis agam agus mé ar an scoil. Fuair muid cuid mhór deiseanna mar gheall ar an Ghaeilge, ó chúrsaí ceoil go spórt go drámaíocht.'

Rinne sí staidéar ar an nGaeilge agus ar an iriseoireacht ar an ollscoil. Bhí sí ag iarraidh difear **suntasach** a dhéanamh don domhan. 'Chonaic mé scannán agus mé óg darb ainm Blood Diamond agus bhí iriseoir ann san Afraic a spreag go mór mé,' ar sí.

Bhain Tessa sult mór as an ollscoil agus as na deiseanna ar fad a bhí ann di i mBaile Átha Cliath. Scríobh sí do pháipéar nuachtáin na hollscoile. Bhí sí mar **láithreoir** ar stáisiún raidió na hollscoile agus rinne sí **obair dheonach** do Raidió na Life.

Tá tábhacht ar leith le **taithí oibre** a dhéanamh sna meáin. 'Sin an bealach ina bhfaighidh tú post,' a mholann sí.

Fuair Tessa a céad phost sa stáisiún raidió áitiúil i Muineachán, Northern Sound. D'obair sí ann ar dtús mar iriseoir agus mar **thuairisceoir nuachta.** Ansin, nuair a tháinig deis aníos le bheith ina **heagarthóir**, chuir Tessa isteach ar an bpost agus d'éirigh léi.

'Bhí an-bhrú orm agus bhí sé strusmhar,' ar sí, 'ach bhí **aidréanailín** iontach ann.'



Oibríonn Tessa le BBC Gaeilge anois ar chláir raidió. 'Is féidir a bheith cruthaitheach anseo agus tá cuid mhór deiseanna ann dom.'



Thosaigh Tessa ag cur *Wild North and Warming* i láthair ar BBC Raidió Uladh roimh an samhradh. Clár é a dhíríonn ar chúrsaí timpeallachta agus tá an-suim ag Tessa sna cúrsaí sin. 'Sílim go dtuigeann daoine óga an tábhacht a bhaineann leis an nádúr don chorp, don mheabhairshláinte agus don saol iomlán.'

Tá dúil mhór ag Tessa sa raidió agus is dócha go mbeidh baint aici leis an meán sin ar feadh a saoil, fiú más **ar bhonn deonach** é. Dar léi, baineann samhlaíocht iontach leis an raidió. 'Nuair a fhéachann tú ar an teilifís, tá gach rud os do chomhair. Tá tú in ann gach rud a fheiceáil agus a chloisteáil. Ach ar an raidió, cruthaíonn tú na híomhánna uilig duit féin. Is aoibhinn liom sin!' ar sí.

*Is féidir éisteacht le cláir* BBC Gaeilge *agus le* Wild North and Warming *ar BBC Sounds.*

**Foclóir:**

comharsana – neighbours
féith na hiriseoireachta – a talent for journalism
suntasach – remarkable
láithreoir – presenter
obair dheonach – voluntary work
taithí oibre – work experience
tuairisceoir nuachta – news reporter
eagarthóir – editor
aidréanailín – adrenaline
ar bhonn deonach – on a voluntary basis

# An Innealtóireacht Foirgnimh Cháiliúla #1

# TAJ MAHAL



Bhí Shah Jahan ina Impire san India ó 1627 go 1658. Phós sé banphrionsa álainn darbh ainm Arjumand Banu Begum sa bhliain 1612 agus chuir sé ainm nua uirthi, Mumtaz Mahal, a chiallaíonn **'seoid an pháláis'.**


Nuair a fuair Mumtaz bás, shocraigh an t-impire ar **thuama maorga** iontach a thógáil in onóir di. Taj Mahal an t-ainm atá ar an tuama, a chiallaíonn **'coróin na bpálás'.** Creideann a lán daoine gurb é an foirgneamh is áille ar domhan é.

Shocraigh Shah Jahan ar an Taj Mahal a thógáil i gcathair Agra i dtuaisceart na hIndia. Ba é Ustad Ahmad Lahauri an t-**ailtire** agus thosaigh an obair thógála sa bhliain 1631. Thug sé breis agus fiche bliain ar 20,000 fear an **obair** a chríochnú.

Fuair siad na h**ábhair** éagsúla leis an Taj Mahal a thógáil ó gach cearn den India agus ó thíortha chomh fada i gcéin leis an tSín, an Tibéid, an Afganastáin, Srí Lanca agus **an Araib.** Thug sé breis agus 1,000 eilifint chun na hábhair don fhoirgneamh maorga a tharraingt go dtí **an láthair.**

Tá cruth oinniúin ar an g**cruinneachán** mór bán ar bharr an fhoirgnimh. Tá sé thart ar 35 méadar ar airde agus tá ceithre chruinneachán níos lú mórthimpeall air. Is é 171 méadar airde iomlán an Taj Mahal.

**Láithreán Oidhreachta Domhanda** de chuid UNESCO is ea an Taj Mahal agus tá sé ar **Sheacht nIontas Nua an Domhain.**



**AN RAIBH A FHIOS AGAT?**
Nuair a fuair Shah Jahan bás i 1666, cuireadh é sa Taj Mahal in éineacht le Mumtaz, an bhean ar thug sé grá a chroí di.

**AN RAIBH A FHIOS AGAT?**
Tá gairdín mór, **linn fhada fhrithchaiteach, mosc** agus tuamaí eile i dtailte an Taj Mahal.

**AN RAIBH A FHIOS AGAT?**
Tugann ceithre mhilliún turasóir cuairt ar an Taj Mahal gach bliain.

**AN RAIBH A FHIOS AGAT?**
Tá an Taj Mahal déanta de **mharmar** bán.

**Foclóir:**

an Araib – Arabia
an láthair – the site
cruinneachán – dome
Láithreán Oidhreachta Domhanda – World Heritage Site
Seacht nIontas Nua an Domhan – the Seven Modern Wonders of the World
linn fhada fhrithchaiteach – a long reflecting pool
seoid an pháláis – jewel of the palace
tuama maorga – a majestic tomb
coróin na bpálás – crown of the palaces
ailtire – architect
obair thógála – construction work
cruinneachán – dome
ábhair – materials

# Giuirléidí ar Díol

## SAMSUNG 10 AGUS 10+

An fón é? An ríomhaire é? Is é dá rud é. Samsung 10 agus Nóta 10+ ... nó sin a deir **lucht a dhéanta**, Samsung!

Ó tá scáileán 6.8-orlach aige, is é an Nóta 10+ an fón cliste is mó atá ar fáil in Éirinn anois. Cé nach bhfuil an gléas féin i bhfad níos mó ná fóin eile ar an margadh, úsáideann Samsung gach milliméadar spáis chun an scáileán a shíneadh thar an bhfón soghluaiste seo a chosnaíonn breis is €1,100.

Tá **stíleas uasghrádaithe** 'S Pen' aige. Dá bharr sin, tá úsáideoirí ábalta rialú a dhéanamh ar cheamara an fhóin ó roinnt méadar uaidh. Tá **dúshlán** á thabhairt ag Samsung d'Apple sula seolfaidh siad an iPhon 11 níos déanaí sa bhliain.




**Brandaí na bhFón is mó Éileamh ar Domhan:**

Samsung 22%
Huawei 19%
Apple 12%
Xiaomi 9%

**Foclóir:**

lucht a dhéanta – its makers
stíleas uasghrádaithe – an upgraded stylus
dúshlán – challenge
is mó Éileamh – of greatest demand (most popular)



# Saol Rúnda na gCat





Tá eolaithe ó Shasana ag déanamh staidéar ar chait le déanaí ag úsáid as **físcheamaraí** beaga bídeacha. Ní smaoineamh nua ceamaraí a chur ar ainmhithe – tá eolaithe ag cur ceamaraí agus **rianairí** ar ainmhithe mar shiorcanna, míolta móra agus caoirigh leis na blianta. Mar sin féin, tá na ceamaraí sin róthrom d'ainmhithe beaga mar chait.

Nuair a dhéanaimid staidéar ar ainmhithe, ba chóir dúinn bheith chomh cineálta leo agus is féidir – staidéar **eiticiúil** an t-ainm atá air seo. Cuidíonn an teicneolaíocht linn bheith eiticiúil toisc go bhfuil ceamaraí againn atá chomh beag sin gur féidir linn iad a cheangal de chait sa chaoi gur ar éigean a thugann siad faoi deara iad ar chor ar bith. Rud maith faoi cheamaraí a úsáid is ea go **ngníomhaíonn** ainmhithe go nádúrtha nuair a cheapann siad nach bhfuil daoine ag féachaint orthu.

Léirigh an staidéar ar 16 chat go gcaitheann siad beagán faoi bhun 45% dá gcuid ama ag ligean a scíthe, 10% dá gcuid ama **ag fiach**, 11% ag siúl, agus nach gcaitheann siad ach 1% ag rith. Nigh cait an-ghlan iad féin thart ar 8% den am, agus níor nigh cuid de na cait níos salaí iad féin ar chor ar bith!

Bhí na cait i mbun **gníomhaíochtaí** éagsúla i rith an lae, go minic le cait eile. I measc cuid de na gníomhaíochtaí sin, bhí siad ag stánadh ar a chéile, ag leanúint a chéile agus ag teagmháil srón le srón!

**Foclóir:**

físcheamara – video camera
rianaire – tracker
eiticiúil – ethical
gníomhaíonn – act, behave
ag fiach – hunting
gníomhaíocht – activity

**AN RAIBH A FHIOS AGAT?**

Is é *Felis catus* an t-ainm Laidine ar chat tí. Úsáideann eolaithe na hainmneacha Laidine ar phlandaí agus ar ainmhithe chun go mbeidh siad in ann labhairt níos éasca lena chéile fúthu má bhíonn teangacha éagsúla acu.



# Eolaíocht ... STOIRMEACHA



B'fhéidir gur chuala tú caint an mhí seo chaite ar Hairicín Dorian nó Stoirm Krosa – dhá **stoirm thrópaiceacha. Bhatráil** Louisiana agus an tSeapáin.

Cé go bhfuil na háiteanna sin na mílte ciliméadar óna chéile, bhí an dá stoirm cosúil lena chéile. Ach ar smaoinigh tú riamh ar cad iad na difríochtaí idir **cioclóin, tíofúin** agus **hairicíní**?

Bhuel, i mbeagán focal, braitheann sé go léir ar na háiteanna ina bhfuil siad.

Nuair a tharlaíonn stoirmeacha i ndeisceart an Aigéin Chiúin nó san Aigéan Indiach, tugaimid cioclóin orthu. Má tharlaíonn stoirm den chineál céanna in Iarthuaisceart an Aigéin Chiúin tugaimid *tíofúin* orthu, ach tugaimid *hairicíní* nó *spéirlingí* orthu má tharlaíonn siad san Atlantach nó in Oirthuaisceart an Aigéin Chiúin. Cé go gciallaíonn na hainmneacha an rud céanna, bíonn níos mó tíofún ann in aghaidh na bliana ná hairicíní, de bharr **staid na haimsire** a bhíonn in iarthuaisceart an **Aigéin Chiúin.**

Nuair a shéideann an ghaoth isteach i limistéir farraige ina bhfuil an t-uisce te cruthaíonn sin tíofún. Bailíonn an ghaoth sin **taise** agus éiríonn sí níos airde, agus gluaiseann aer níos fuaire isteach thíos fúithi. Cruthaíonn sé sin **brú** sa chaoi go ngluaiseann an ghaoth go han-tapa. **Rothlaíonn** an ghaoth timpeall ar limistéar láir – an tsúil – áit a bhfuil an t-aer níos teo agus a bhfuil níos mó taise ann.

Cé gur féidir le tíofúin tarlú am ar bith den bhliain, bíonn na **dálaí aimsire** is oiriúnaí dóibh ann idir mí na Bealtaine agus mí Dheireadh Fómhair – agus is minic a thugaimid an t-ainm séasúr na dtíofún ar an am sin.

**Foclóir:**

stoirm trópaiceach – tropical storm
batráil – battered
hairicín – hurricane
cioclón – cyclone
tíofún – typhoon
staid na haimsire – weather conditions
Aigéin Chiúin – Pacific
taise – moisture
brú – pressure
rothlú – rotate
aicmiú – categorise
uasghrádú – upgrade
dálaí aimsire – weather conditions

# CROSFHOCAL

## TRASNA

**3** Beidh Éire v Albain sa chathair seo ar an 22 Meán Fómhair. (8)

**6** Uachtarán na Brasaíle, Jair __________. (9)

**7** Stáisiún raidió áitiúil i Muineachán, __________ Sound. (8)


**9** Branda an fhóin phóca is mó éilimh ar domhan. (7)

**11** __________ catus, an t-ainm Laidine ar chat. (5)

**12** Tá an Taj Mahal sa chathair seo. (4)

**13** Stiúir Lulu __________ an scannán The Farewell. (4)

**14** __________ Lam, ceannaire Hong Cong. (6)



## SÍOS

**1** Ba mhaith le Donald Trump an Ghraonlainn a cheannach ón __________. (9)

**2** Bhunaigh Bill __________ an comhlacht éadaí spóirt Nike. (8)

**4** Boris Johnson, __________ na Breataine. (10)

**5** Chuir daoine sa __________ tús le seóléimneach coiníní. (9)

**6** Bhuaigh Slovan __________ ar Dhún Dealgan i Sraith Europa. (10)

**8** Tá an Mhuir nlocht, idir an Fhrainc agus __________. (6)

**10** Bhí an focal seo litrithe mícheart ar stampa ag An Post. (7)


# FIACH FOCAL

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| I | T | C | U | P | G | N | G | E | I | T | I | C | I | Ú | I | L | R | G | V |
| R | A | T | H | Ú | I | L | A | N | F | Í | S | C | H | E | A | M | A | R | A |
| I | I | D | G | U | C | G | L | Y | Í | Y | Z | O | A | R | C | M | G | N | O |
| B | G | M | Í | Q | B | H | K | O | Y | O | P | I | H | X | F | E | N | W | Z |
| S | H | I | D | F | X | S | Z | V | E | K | M | U | S | R | Q | I | X | R | B |
| A | D | S | A | B | H | Q | P | A | L | C | O | H | X | N | H | D | M | V | H |
| M | E | N | L | A | S | O | O | Y | T | S | E | S | A | C | Q | H | N | G | Q |
| H | O | E | J | C | Z | W | R | K | Y | R | A | A | N | Í | C | R | I | X | D |
| L | I | A | G | D | L | A | T | A | N | W | U | I | C | C | O | S | C | W | U |
| A | R | C | X | M | I | O | N | S | O | N | R | A | Í | H | M | C | Y | Q | E |
| Í | V | H | P | X | T | I | L | Z | W | I | J | V | I | I | T | J | H | F | W |
| O | D | Í | D | E | A | N | O | L | X | J | S | T | A | L | O | A | R | T | G |
| C | V | A | I | R | E | A | C | H | A | S | M | I | K | D | L | I | N | T | O |
| H | P | D | E | A | R | B | H | Ú | P | Q | N | U | Ú | K | O | I | F | N | N |
| T | M | F | R | É | A | L | T | A | C | H | T | J | H | F | S | N | Ú | F | A |

Mar is eol duit, cuirimid focail nua Ghaeilge os bhur gcomhair gach mí in *Eipic!* agus tá cuid acu casta. Téigh ag fiach sa bhosca thíos chun teacht ar fhocail nua na míosa seo. Cé mhéad a aimseoidh tú … laistigh de 120 soicind? Ar aghaidh leat!

**Aireachas**
**Inchinn**
**Samhlaíocht**
**Dearbhú**
**Mionsonraí**
**Réaltacht**
**Rathúil**
**Ceachtanna**
**físcheamara**
**eiticiúil**
**gníomhaíocht**
**las**
**locht**
**dífhoraoisiú**
**foirfe**
**misneach**
**aimsigh**
**dídean**
**truailliú**
**taighdeoir**

## Freagraí



1. an tÁigéan Ciúin
2. Bram Stoker
3. An Ghréig
4. dearg, buí agus gorm
5. An 16ú Céad (an 23 Aibreán 1564)
6. lus an chromchinn
7. John Knox
8. Dún na nGall
9. Abraham Lincoln
10. Béising

Cé Mise?
Jeanne d'Arc (Joan of Arc)




Díomá ar Sheán Gannon ó Dhún Dealgan i ndiaidh dara chéim de Thriú **Babhta Incháilithe** Shraith Europa, i **Staid Thamhlachta** ar an 13 Lúnasa. ©INPHO/Laszlo Geczo

## CAILLEANN CLUBANNA ÉIREANNACH I SRAITH EUROPA

Tháinig deireadh roimh am le heachtraí chlubanna Léig na hÉireann san Eoraip an samhradh seo.

Bhuaigh Dún Dealgan ar Riga sa chéad bhabhta de chluichí cáilithe Shraith na Seaimpíní ach ansin bhuaigh Qarabag ar Dhún Dealgán. Bhí ar Dhún Dealgan imirt i Sraith Europa ansin. D'éirigh leo dul chomh fada le céimeanna na ngrúpaí sa chomórtas sin in 2016 ach theip orthu an uair seo sachéad bhabhta nuair a bhuaigh Slovan Bratislava orthu 4-1 ar **scór comhiomlán.**

Fuair Shamrock Rovers an bua ar Brann na hIorua ach d'fhulaing siad briseadh croí nuair a bhuaigh Apollon Limassol na Cipire orthu le linn am breise, agus bhí díomá ar Chathair Chorcaí agus ar Chumann Lúthchleasaíochta Naomh Pádraig nuair a bhuaigh Progres agus Norrkoping orthu faoi seach.

**Foclóir:**
Sraith Europa – Europa League
Babhta Incháilithe – qualifying round
Staid Thamhlachta – Tallaght Stadium
ar scór comhiomlán – on aggregate

## Tá Sanchez ar iasacht ó Mhanchain Aontaithe

Tá deireadh le **seal tubaisteach** Alexis Sanchez ag Old Trafford - faoi láthair ar aon nós.



Beidh Alexis ag imirt le hInter Milan an chuid eile den séasúr, cé go mbeidh ar Mhanchain Aontaithe cuid mhór dá phá a íoc.

D'íoc siad breis is £30k chun é féin agus Henrikh Mkhitaryan a fháil ach ba bheag **tionchar** a bhí aige. Scóráil sé 5 chúl sna 45 cluiche a d'imir sé agus níl an áit chéanna aige san **ord tábhachta** ó tháinig Ole Gunnar Solskjaer mar bhainisteoir.

Beidh Sanchez ag imirt ar son Inter Milan in éineacht lena **iar-chomrádaí** Romelu Lukaku, agus tá na cosantóirí Chris Smalling agus Matteo Darmian tar éis liostáil le Roma agus Parma **faoi seach.**

**Foclóir:**
seal tubaisteach – disastrous period
tionchar – effect, influence
ord tábhachta – order of importance
iar-chomrádaí – former comrade
faoi seach – respectively

## A sean-naimhde arís in aghaidh Learphoill

Thug Learpholl an **chraobh** leo **i Sraith na Seaimpíní** agus tosóidh siad ag cosaint na craoibhe sin agus iad ag imirt in aghaidh Napoli ar an 17 Meán Fómhair.




Bhuail na foirne le chéile i gcéimeanna grúpa an chomórtais anuraidh nuair a bhuaigh an dá thaobh 1-0 iad ag imirt sa bhaile.

**Foclóir:**
an chraobh – the branch (of victory)
Sraith na Seaimpíní – Champions League

Beidh Learpholl ag imirt in aghaidh RB Salzburg na hOstaire agus Genk na Beilge i nGrúpa E.

Bhí Tottenham sa dara háit an séasúr seo caite agus tá siad i nGrúpa B agus beidh siad ag imirt in aghaidh sheaimpíní na hEorpa Bayern München, Olympiakos agus Red Star Belgrade.

Chaill Chelsea a n-áit i Sraith na Seaimpíní ar feadh bliana ach beidh siad ag imirt in aghaidh Ajax, Lille agus Valencia i mbliana. Beidh Cathair Mhanchain ag imirt in aghaidh Shakhtar Donetsk, Dinamo Zagreb agus Atalanta na hIodáile i nGrúpa C.

## Gortú neamhchoitianta do Maguire

Níor roghnaigh Poblacht na hÉireann Seán Maguire don fhoireann i gcoinne na hEilvéise ó tharla gortú **neamhchoitianta** dó le linn traenála.

Bíonn sé ag imirt le Preston North End i g**Craobhchomórtas** Shasana ach bhuail peil sa tsúil é agus thosaigh sí ag cur fola.

D'ordaigh na dochtúirí dó gan imirt ar feadh coicíse. *Ááááá!*



**Foclóir:**
neamhchoitianta – unusual
Craobhchomórtas – championship

# Buaiteoirí Chraobh na hÉireann 2019



## TIOBRAID ÁRANN

Thug Tiobraid Árann Craobh na hÉireann leo in Iomáint na Sinsear den 28ú huair an mhí seo caite. Bhí siad thar barr ar fad sa chluiche. Chríochnaigh siad 14 chúilín chun tosaigh ar fhoireann Chill Chainnigh. Bíonn an dá fhoireann **in adharca** go minic. Ba mhór an spreagadh a thug Liam Sheedy do na Tiobradaigh. Bhí sé ar ais ina ról mar bhainisteoir agus spreag sé iad chun Craobh na hÉireann a bhuachan den dara huair le ceithre shéasúr anuas. Bhí díomá mhór orthu nuair a chaill siad cluiche ceannais na Mumhan in aghaidh Luimnigh, ach d'éirigh leo **greadadh** a thabhairt do na Cait i bPáirc an Chrócaigh, rud atá i ndiaidh tógáil mhór croí a thabhairt dóibh.

**Foclóir:**

sinsear – senior
in adharca le – locking horns with
greadadh – a thrashing



## GAILLIMH

Bhí croíthe briste i gCill Chainnigh arís tar éis chluiche craoibhe na hÉireann i gCamógaíocht na Sinsear nuair a fuair Gaillimh an lámh in uachtar orthu. Ba é an tríú huair i ndiaidh a chéile é ag na Cait cluiche craoibhe a chailleadh. An iarraidh seo, bhí Gaillimh chun tosaigh go maith orthu, le 3-14 in aghaidh 0-17 ar chlár na scóranna ag deireadh an chluiche i bPáirc an Chrócaigh.

Scóráil na Connachtaigh trí chúl sa chéad leath. Fuair Ailish O'Reilly dhá cheann acu agus is í Niamh Hannify a fuair an cúl sa lár. 2013 an bhliain dheireanach a bhuaigh Gaillimh Craobh na hÉireann.